Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2014–2015

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 1 (Bitheolaíocht)
## Bonnsraith

GSS11

**[GSS11]**

**DÉ MÁIRT 24 FEABHRA 2015, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa in Ceist **9(a)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| **Marc Iomlán** | |

LEATHANACH BÁN

**1** **(a)** Comhlánaigh an tábla thíos faoi mhiocrorgánaigh is cúis le galar.

Roghnaigh ó:

**eitinn** **baictéir** **fliú** **fungais**

| Cineál miocrorgánaigh | Galar |
|---|---|
| | borrphéist choise |
| víreas | |
| | clamaidia |

[3]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**nimhithe** **gruaig** **craiceann** **gafa**


Feidhmíonn an ________________________ mar bhacainn le cosc a chur ar an chuid is mó de na miocrorgánaigh teacht isteach sa chorp. Miocrorgánaigh a thagann isteach ar an bhéal agus ar an ghaosán, bíonn siad ________________________ ag seicní múcasacha. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**2** An tábla seo a leanas, taispeánann sé an t-athrú ar an daonra daonna idir na blianta 1800 agus 2000.

| Bliain | Daonra daonna/ billiún |
|---|---|
| 1800 | 1.2 |
| 1850 | 1.4 |
| 1900 | 1.8 |
| 1950 | 2.4 |
| 2000 | 6.0 |

**(a)** Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla leis an bharrachairt thíos a chomhlánú.




[2]

**(b)** Cuir síos ar an treocht a thaispeántar san fhaisnéis seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(c)** Tá an cine daonna freagrach as díothú roinnt speiceas, lena n-áirítear a lán cineálacha éisc.

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma 'díothú'?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(ii)** Seo thíos roinnt gnéithe den iascaireacht mhara nua-aoiseach.

Cuir ciorcal thart ar **dhá** ghné a d'fhéadfadh stoic éisc a chosaint agus a chuideodh le díothuithe a chosc.

**eangacha móra iascaireachta**

**cuisneoirí le héisc atá maraithe a stóráil**

**eangacha le mogaill mhóra**

**teorainneacha ar líon na mbád iascaireachta**

**báid le córais mhaithe loingseoireachta**

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 **(a)** Tugann an tábla seo a leanas faisnéis faoi roinnt daltaí i rang.

| | Saintréith | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Dalta** | **Is féidir teanga a rolladh** | **Airde/cm** | **Meáchan/kg** | **Dath súl** |
| Méabh | Is féidir | 141 | 39 | gorm |
| Mary | Is féidir | 152 | 37 | donn |
| Seán | Is féidir | 152 | 41 | donn |
| John | Is féidir | 155 | 46 | gorm |
| Caitríona | Ní féidir | 146 | 42 | gorm |

**(i)** Cé acu **dhá** shaintréith a thaispeánann éagsúlacht leanúnach?

_______________________ agus __________________________ [1]

**(ii)** Ríomh céatadán na ndaltaí a bhfuil súile donna acu.

(Taispeáin do chuid oibre.)

_________________ % [2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** An grianghraf thíos, taispeánann sé roinnt ealaí ar loch beag éadomhain.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*


Bíonn na healaí á mbeathú féin ar phlandaí, ar fheithidí agus ar sheilidí uisce ó ghrinneall an locha. Gan ach an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a úsáid, mínigh ina iomláine dóigh **amháin** a bhfuil na healaí oiriúnaithe le beathú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**4 (a)** An léaráid thíos, taispeánann sí cad é is féidir leis tarlú má bhíonn mias Petri a bhfuil baictéir ann éillithe le fungas.




**Dhá lá níos moille**

*© CCEA*

**(i)** Cuir síos ar agus mínigh éifeacht an éillithe leis an fhungas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh an t-eolaí a rinne breathnú den chéad uair ar éifeacht fungais ar bhaictéir.

Roghnaigh ó:

**Pasteur** **Wilson** **Fleming**

______________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an t-antaibheathach a forbraíodh ón fhungas seo.

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Is cineál eile fungais iad na beacáin a úsáidtear go minic sa chócaireacht. Tá fíorbheagán carbaihiodráite agus saille iontu ach tá neart vitimíní agus mianraí iontu. Chomh maith leis sin, tá a lán uisce i mbeacáin.

**(i)** An fhaisnéis thuas in úsáid agat, luaigh cad chuige a bhfuil beacáin fóirsteanach do dhuine atá ag iarraidh iontógáil fuinnimh a laghdú.

______________________________________________

______________________________________________ [1]


**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag uisce sa chorp.

______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**5** **(a)** Sa léaráid thíos, taispeántar an córas atáirgthe fireann.




*© GCSE Science Single Award For CCEA by James Napier, Alyn G. McFarland, Roy White, publisher Hodder Education (2013). ISBN: 9781444195729. Reproduced by permission of Hodder Education.*

**(i)** Ainmnigh na struchtúir atá lipéadaithe **A** agus **B**.

**A** ________________________________

**B** ________________________________ [2]

**(ii)** Ar an léaráid, lipéadaigh leis an litir **X**, struchtúr a ghearrtar le linn vaiseachtóime. [1]

**(iii)** Cad é feidhm na faireoige próstataí?

Roghnaigh ó:

**speirm a dhéanamh : speirm a chothú : fual a stóráil**

_____________________________________________________ [1]

**(b)** Taispeánann an tábla thíos faisnéis faoi roinnt modhanna frithghiniúna.

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

| Modh Frithghiniúna | Buan | Buntáistí | Míbhuntáistí |
| --- | --- | --- | --- |
| **Coiscín** | níl | tugann sé cosaint ar ghalair ghnéas-tarchurtha | iontaofa, den chuid is mó, ach is féidir leis loiceadh |
| **Piollaire frithghiniúnach** | níl | an-iontaofa | is féidir fo-iarmhairtí a bheith ann mar gheall air, amhail méadú meáchain |
| **Aimridiú fear agus ban** | tá | beagnach 100% iontaofa | an-deacair, nó dodhéanta, a aisiompú |

**(i)** Mínigh cad é mar a choisceann an coiscín toircheas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla lena mhíniú cad chuige ar fearr le cuid mhór daoine atá 20 bliain d’aois, agus nuaphósta, coiscíní a úsáid mar mhodh frithghiniúna, in áit an phiollaire nó aimridiú.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**6 (a)** Léiríonn an léaráid thíos an dóigh a dtáirgeann limficítí (fuilchealla bána) antasubstaintí mar fhreagairt ar ionfhabhtú le miocrorgánaigh.




© GCSE Science Single Award For CCEA by James Napier, Alyn G. McFarland, Roy White, publisher Hodder Education (2013). ISBN: 9781444195729. Reproduced by permission of Hodder Education.

**(i)** An léaráid agus do chuid eolais in úsáid agat, cuir síos ar, agus mínigh, an dóigh a dtroideann antasubstaintí in éadan ionfhabhtú.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(ii)** Fuilchill bhán de chineál eile, troideann sí fosta in éadan ionfhabhtú, trí fhagaicíotóis. Cuir síos ar phróiseas na 'fagaicíotóise'.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tugann an tsreabhchairt seo a leanas breac-chuntas ar an dóigh ar athraigh líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú do BPR (*MMR*) idir 1990 agus an lá atá inniu ann.

In 1990 rinneadh tuairim is 90% de pháistí a vacsaíniú

↓

In 1998 thug roinnt taighde le fios go raibh nasc idir an vacsaíniú BPR (*MMR*) agus uathachas

↓

Mar gheall air seo, tháinig laghdú thart ar leathchuid ar chéatadán na bpáistí a vacsaíníodh

↓

Ó 2005, d'fhill an líon ar an leibhéal a bhí ann in 1990, mar cruthaíodh go bhfuil an vacsaíniú slán sábháilte

**(i)** Cuir síos ar an dóigh ar athraigh líon na bpáistí a fuair an vacsaíniú BPR (*MMR*) idir 1990 agus inniu.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cad é mar a thugann an fhaisnéis le fios nach bhfuil gach tuismitheoir cinnte go bhfuil an vacsaíniú BPR (*MMR*) sábháilte inniu?

______________________________________________ [1]

**(c)** Ainmnigh an cineál imdhíonachta atá táirgthe ag vacsaínithe.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Is riocht ó oidhreacht é ailbíneachas. An duine a bhfuil an riocht air, níl sé ábalta an lí chraicinn meilinin a dhéanamh. Is í an mheilinin is cúis le dath an chraicinn, ach, níos tábhachtaí ná sin, cuidíonn sí le cosaint a thabhairt ar ghathanna dochracha UV na gréine.

Sóchán sa ghéin a rialaíonn táirgeadh na meilinine is cúis le hailbíneachas.

**(i)** Ainmnigh an chroí-chomhpháirt i ngéin a ndéantar dochar di i sóchán.

______________________________ [1]

**(ii)** Mínigh cad chuige a moltar do dhaoine a bhfuil ailbíneachas orthu fanacht amach as solas láidir na gréine.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Tá an ailléil is cúis leis an ailbíneachas cúlaitheach don ghnáthailléil.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid ghéiniteach thíos leis an tsliocht a léiriú de chrosáil idir beirt tuismitheoirí atá **heitrisigeach** don ailbíneachas.

Úsáid na siombailí: A = gnáthailléil; a = ailléil ailbíneach

| | | |
|---|---|---|
| | | a |
| A | AA | |
| | | |

[2]

**(ii)** Luaigh an géinitíopa is cúis leis an ailbíneachas.

______________________________ [1]

**(iii)** Ón léaráid ghéiniteach, cad é an dóchúlacht **nach** mbeidh ailbíneachas ar pháiste?


______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8 (a)** An léaráid thíos, taispeánann sí duilleog ó phlanda sa dorchadas.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid trí na gáis a théann isteach sa duilleog (**A**) agus a théann amach as an duilleog (**B**) le linn an **dorchadais** a ainmniú.





[1]

**(ii)** Ainmnigh an próiseas is cúis leis an mhalartú gás seo.

_________________________________ [1]


**(b)** An léaráid thíos, taispeánann sí plandaí trátaí ag fás i dteach gloine.




*© GCSE Biology for CCEA by James Napier, publisher Hodder Education (2011).*
*ISBN: 9780340983805. Reproduced by permission of Hodder Education.*

An graf thíos, taispeánann sé éifeacht déine solais ar ráta na fótaisintéise i bplandaí trátaí i dteach gloine. I dtithe gloine, is féidir soilsiú saorga a úsáid leis an déine solais a mhéadú.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |




**(i)** Ón ghraf, luaigh an déine solais is fearr le húsáid a thabharfadh an brabús is mó dá mbeadh na trátaí ar fás le díol. Mínigh do rogha.

Déine solais __________________ aonaid threallacha

Míniú ______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas soilsiú saorga le déine solais a mhéadú, mínigh dóigh **amháin** eile a gcuirtear tithe gloine in oiriúint le ráta fhás na bplandaí a mhéadú.

______________________________________________________

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** **(a)** Cuir síos ar an dóigh a bhféadfá imscrúdú a dhéanamh ar éifeacht dlús plandála (líon na síológ i bpota) ar fhás na bplandaí.

Ba chóir na rudaí seo a bheith i do fhreagra:

- **dhá** rud a d'fhágfadh go mbeadh na torthaí bailí (triail chothrom)
- cur síos agus míniú ar na torthaí a mbeifeá ag dúil leo.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [6]

**(b)** Is speiceas iomaíoch ionrach é an t-iora glas.

**(i)** Ainmnigh speiceas iomaíoch ionrach **amháin** eile.

______________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh ghné **amháin** atá i gcoitianta ag gach speiceas iomaíoch ionrach.

____________________________________________________________________ [1]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.